


Prótacal Thuaisceart Éireann

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoin éiginnteacht maidir le prótacal Thuaisceart Éireann. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal thíos a aimsiú?



1. *cuimhneamh ar* _____
2. *an próiseas síochána* _____
3. *idirbheartaíocht* _____
4. *místuama* _____
5. *ollscoil den scoth* _____
6. *cuir ar fionraí* _____
7. *dualgas* _____
8. *moltaí a chur faoi bhráid na Breataine* _____
9. *curtha as an áireamh* _____
10. *aighneas tráchtála* _____

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus labhair leis an duine in aice leat faoi ábhar na míre.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cá raibh an Taoiseach agus é ag caint sa tuairisc? Cén fáth a raibh sé ansin?
2. Cén cheist mhór a bhí ag na hiriseoirí ar fad?
3. Cad a cheapann an Taoiseach faoi mholtaí an Choimisiúin?

4. Cathain a chuir Leas-Uachtarán an Choimisiúin na moltaí faoi bhráid na Breataine?
5. Cé hé David Frost agus cad a dúirt sé?
6. Cén fáth a gceapann Simon Coveney go mbeidh aighneas tráchtála ann?

Ceist 4 Féach ar na samplaí thíos de na comhfhocail a bhí sa mhír agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

idirbheartaíocht, místuama, ollscoil agus Leas-Uachtarán

1. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'beartaíocht' san fhocal 'idirbheartaíocht'?
2. Cén fáth a bhfuil fleiscín idir 'Leas' agus 'Uachtarán'?
3. Cén fáth nach bhfuil séimhiú ar 'stuama' san fhocal 'místuama' agus ar 'scoil' san fhocal 'ollscoil'?

Ceist 5 Urú agus séimhiú

Féach ar an sliocht thíos. Tá 4 shéimhiú agus 3 úrú fágtha ar lár. Breac isteach anois iad!

Siún Nic Gearailt

Tá an Taoiseach, Micheál Martin, ag iarraidh ar an Breatain agus ar an Aontas Eorpach cuimhneamh ar an tionchar a bheidh ag aon athrú a déanfaí ar prótacal Thuaisceart Éireann ar an próiseas síochána. Dúirt sé go caithfear leanúint leis an idirbheartaíocht ar maithe le réiteach a fháil agus go mbeadh sé místuama don mBreatain Airteagal 16 a chur i bhfeidhm.

Sorcha Ní Riada

Bhí an Taoiseach, Micheál Martin, i dTrá Lí le hoscailt Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan a marcáil go hoifigiúil.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cad atá ar eolas agat faoin scéal seo?
2. An gceapann tú gur Príomh-Aire maith é Boris Johnson? Cén fáth?
3. Agus cad a cheapann tú faoi Mhicheál Martin mar Thaoiseach?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

- | | |
|--|-----------------------------------|
| 1. <i>cuimhneamh ar</i> | to bear in mind |
| 2. <i>an próiseas síochána</i> | the peace process |
| 3. <i>idirbheartaíocht</i> | negotiation |
| 4. <i>místuama</i> | imprudent |
| 5. <i>ollscoil den scoth</i> | an excellent university |
| 6. <i>cuir ar fionraí</i> | suspend |
| 7. <i>dualgas</i> | duty |
| 8. <i>moltaí a chur faoi bhráid na Breataine</i> | to put suggestions before Britain |
| 9. <i>curtha as an áireamh</i> | factored out |
| 10. <i>aighneas tráchtála</i> | trade dispute |

Ceist 2

Is cleachtadh cainte é seo. Tabhair deis do na foghlaimeoirí an méid a thuig siad faoin mír a phlé le chéile. Pléigh ábhar na míre leis an rang iomlán ansin.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

1. Nuair a thagann dhá fhocal dhúchasacha le chéile (idir + beartaíocht) cuirtear séimhiú ar an dara focal dar tús consan - *idirbheartaíocht*. Ní shéimhítear focail nuair a thagann na déadaigh - **d, n, t, l** agus **s** - le chéile: *ollscoil*.
2. Má tá ceannlitreacha ar na focail sa chomhfhocal bíonn fleiscín ann i gcónaí: *Leas-Uachtarán* agus *Príomh-Aire*.
3. Leanann séimhiú an réimír **mí-** agus leanann fleiscín í i gcás gutaí. Mar shampla: *míchothromaíocht* agus *mí-úsáid*. Ach sa chás 'místuama' ní féidir séimhiú a chur ar **st**. Is iad seo na consain inséimhithe: **b, c, d, f, g, m, p, s** agus **t**. Ach, ní shéimhítear **s** i gcás **sc-, sf-, sm-, sp-, st-** agus **sv**. Maidir leis an bhfocal 'ollscoil' féach pointe 1 thuas.

Ceist 5

Siún Nic Gearailt

Tá an Taoiseach, Micheál Martin, ag iarraidh ar an **m**Breatain agus ar an Aontas Eorpach cuimhneamh ar an tionchar a bheidh ag aon athrú a **dh**éanfaí ar **ph**rótacal Thuaisceart Éireann ar an **b**próiseas síochána. Dúirt sé go **g**caithfear leanúint leis an idirbheartaíocht ar **mh**aithe le réiteach a fháil agus go mbeadh sé místuama don **m**Breatain Airteagal 16 a chur i bhfeidhm.

Sorcha Ní Riada

Bhí an Taoiseach, Micheál Martin, i dTrá Lí le hoscailt Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan a **mh**arcáil go hoifigiúil.

Ceist 6

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na tuairimí a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Tá an Taoiseach, Micheál Martin, ag iarraidh ar an mBreatain agus ar an Aontas Eorpach cuimhneamh ar an tionchar a bheidh ag aon athrú a dhéanfaí ar phrótacal Thuaisceart Éireann ar an bpróiseas síochána. Dúirt sé go gcaithfear leanúint leis an idirbheartaíocht ar mhaithe le réiteach a fháil agus go mbeadh sé místuama don mBreatain Airteagal 16 a chur i bhfeidhm.

Sorcha Ní Riada

Bhí an Taoiseach, Micheál Martin, i dTrá Lí le hoscailt Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan a mharcáil go hoifigiúil.

An Taoiseach Micheál Martin

Is coláiste den scoth é seo, agus ollscoil den scoth agus gan amhras tá Trá Lí, Corcaigh agus sé champas i gceist, 18,000 mac léinn agus cáilíochtaí i ngach aon leibhéal.

Sorcha Ní Riada

Ach is í an cheist mhór a bhí i mbéal gach aon duine ná ‘cad a thitfidh amach maidir le prótacal Thuaisceart Éireann?’ Tá daoine buartha go bhfuil sé i gceist ag an mBreatain Airteagal 16 a chur i bhfeidhm – rud a chuirfeadh an prótacal ar fionraí ar fad.

An Taoiseach Micheál Martin

An rud is tábhachtaí ná na cainteanna a choimeád ar aghaidh, a choimeád ar siúl agus réiteach na bhfadhbanna a fháil. I mo thuairimse, tá an-chuid déanta ag an gCoimisiún. Na moltaí atá tagtha ón gCoimisiún – is moltaí, ní hamháin tábhachtach iad sin ach tagann siad cuid den bhóthar. Agus tá, i mo thuairimse, tá dualgas anois ar Rialtas na Breataine freagra ceart a thabhairt ar na moltaí atá curtha ar an tábla ag an gCoimisiún.

Sorcha Ní Riada

Ach chuir Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Maroš Šefčovič, na moltaí úd faoi bhráid na Breataine an mhí seo caite. Agus ar an tslí isteach go dtí cainteanna sa mBruiséil an Aoine seo caite, dúirt an Státrúnaí sa mBreatain, David Frost, nach bhfuil sé curtha as an áireamh go gcuirfí Airteagal 16 i bhfeidhm.

David Frost, Stát-Rúnaí na Breataine

Article 16 is very much on the table and has been since July.

Sorcha Ní Riada

Dúirt an tAire Gnóthaí Eachtracha, Simon Coveney, inné go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil sé i gceist ag an mBreatain Airteagal 16 a chur i bhfeidhm agus má tharlaíonn sé sin go mbeidh aighneas tráchtála ann. Dúirt sé gur chóir don dtír seo pleananna a chur in áit ar eagla go dtarlódh sé sin agus nach gcuirfeadh sé aon ionadh air dá dtarlódh sé sin nuair a thagann COP26 chun deiridh.

Sorcha Ní Riada, Nuacht TG4 i dTeach Laighean.